Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 30 Bealtaine 2018
(OR. en)

9476/18
ADD 2

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0171 (COD)**

EF 150
ECOFIN 505
CODEC 882

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 25 Bealtaine 2018 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2018) 253 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hurrúis de bhun bannaí ceannasacha |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2018) 253 final.

---

Faoi iamh: SWD(2018) 253 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 24.5.2018
SWD(2018) 253 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**maidir le hurrúis de bhun bannaí ceannasacha**

{COM(2018) 339 final} - {SEC(2018) 251 final} - {SWD(2018) 252 final}

## Bileog Achoimre Feidhmiúcháin

Measúnú tionchair ar thogra le haghaidh creat rialála cumasúcháin le haghaidh urrúis de bhun bannaí ceannasacha a fhorbairt.

### A. An gá atá le beart

**Cén fáth? Cén fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?** 11 líne ar a mhéad

Ionstraim airgeadais nuálach a d'fhéadfadh na bainc a spreagadh a sealúchais bhannaí ceannasacha a éagsúlú go geografach ar bhealach níos fearr is ea Urrúis de bhun Bannaí Ceannasacha. Lagódh an t-éagsúlú sin tuilleadh an fáinne fí idir na bainc agus fiachas ceannasach agus chuirfeadh sé feabhas ar chomhroinnt riosca trasteorann san earnáil phríobháideach. Chabhródh sé ag an am céanna leis an soláthar sócmhainní ísealriosca atá ainmnithe in euro a mhéadú. I mbeagán focal, d'fhéadfadh urrúis de bhun bannaí ceannasacha feabhas a chur ar a athléimní agus a éifeachtúla atá earnáil airgeadais an limistéir euro.

Dá ainneoin sin, cuirtear bac ar a bhforbairt toisc nach dtugtar aird iomlán ar chineál speisialta na n-urrús de bhun bannaí ceannasacha sa rialáil stuamachta faoi láthair, áit a gcaitear leo mar ghnáthurrúsuithe. Go háirithe, ní ag gabháil le hurrúsuithe urrús de bhun bannaí ceannasacha a bheadh aon cheann de na rioscaí doiléire agus na rioscaí drochroghnaithe a ghabhann le hurrúsuithe traidisiúnta de ghnáth, toisc go n-eiseofaí iad in aghaidh punann réamhshocraithe (ina mbeadh ualaí na sócmhainní ag teacht leis an scála le haghaidh shuibscríobh chaipiteal an Bhainc Cheannais Eorpaigh), ar punann í a bheadh comhdhéanta d'ionstraimí airgeadais trédhearcacha, leachtacha agus trádáilte amhail bannaí ceannasacha an limistéir euro.

Dá bhrí sin, níl aon údar ann, i gcás urrúis de bhun bannaí ceannasacha, leis na muirir chaipitil, na lascainí leachtachta agus na teorainneacha infheistíochta a fhorchuirtear ar urrúsuithe traidisiúnta. Mura gcuirtear deireadh leo sin, beidh sé "róchostasach" go fóill urrúis de bhun bannaí ceannasacha a shealbhú (agus, dá bhrí sin, ní bheidh sé barainneach iad a tháirgeadh), go háirithe i gcomparáid le sealúchais dhíreacha bhannaí ceannasacha an limistéir euro.

**Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?** 8 líne ar a mhéad

Is é aidhm an tionscnaimh deireadh a chur leis na costais bhreise (i ndáil le ceanglais níos airde chaipitil agus leachtachta) a bhaineann le hinfheistíocht a dhéanamh in urrúis de bhun bannaí ceannasacha i gcomparáid le hinfheistíocht a dhéanamh i mbannaí ceannasacha an limistéir euro. Dá bhrí sin, meastar go gcumasófar leis forbairt margaidh urrús de bhun bannaí ceannasacha atá faoi thionchar an éilimh.

**Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais?** 7 líne ar a mhéad

Is as Rialacháin an Aontais a thagann na baic rialála atá roimh urrúis de bhun bannaí ceannasacha faoi láthair. Dá bhrí sin, tá beart ar leibhéal an Aontais ag teastáil chun deireadh a chur leo. Ós rud é gur inniúlacht de chuid an Aontais í an rialáil stuamachta, ní bheadh beart ar leibhéal na mBallstát dóthanach go dlíthiúil chun an scéal sin a leigheas. Bheadh drochthorthaí ag baint leis an mbeart sin freisin, toisc go bhféadfadh go gcruthódh sé sodar rialála go grinneall, toisc go bhféadfadh go mainneodh sé caighdeán uathúil a bhunú (rud a mheastar a bheith riachtanach chun gur leachtach a bheidh an táirge nuálach agus, ar an mbealach sin, chun gur tarraingteach a bheidh sé d'infheisteoirí féideartha) agus toisc go bhféadfadh sé bacainní a chruthú de facto ar an Margadh Aonair (e.g., ardchostais chomhlíonta le haghaidh aon eagraí a bheadh ag iarraidh oibriú i roinnt dlínsí difriúla).

### B. Réitigh

**Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a breithníodh? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?** 14 líne ar a mhéad

Moltar sa Mheasúnú Tionchair go dtabharfaí reachtaíocht chumasúcháin isteach lena gcaitear, ó thaobh cóir rialála de, leis an tráinse sinsearach d'urrúis de bhun bannaí ceannasacha ar an mbealach céanna a chaitear le bannaí ceannasacha an limistéir euro. Sainaithnítear trí phríomhrogha bheartais ann: (1) raon feidhme infheidhmeachta an chreata cumasúcháin (i leith urrúis de bhun bannaí ceannasacha amháin, nó i leith urrúsú ar bith ar bhannaí ceannasacha an limistéir euro, beag beann ar na hualaí punainne lena mbaineann); (2) gach tráinse a "chumasú" nó gan ach an tráinse sinsearach amháin a chumasú; agus (3) conas ba cheart comhlíonadh na gceanglas incháilitheachta sainithe a áirithiú. Féachtar sa Mheasúnú Tionchair freisin ar rogha ghaolmhar eile nach ionann í agus na roghanna eile ó thaobh coincheapa de, is é sin, an chóir chéanna le bannaí ceannasacha a thabhairt do bhascaed ar leith gan bannaí rialtais láir an limistéir euro a thráinsiú (i.e., áit a mbeadh ualaí ag teacht leis an scála le haghaidh shuibscríobh chaipiteal an Bhainc Cheannais Eorpaigh), de

bharr an struchtúr sin a bheith i bhfad níos simplí ná na cinn eile. Agus na roghanna sin á gcomhcheangal ann, breithnítear sa Mheasúnú Tionchair cúig shamhail fhéideartha don togra reachtach agus déantar iad a mheas ann in aghaidh an cháis bhonnlíne, arb é an staid reatha é (i.e., gan aon idirghabháil reachtach).

Cé go meastar gur laige ná na cinn eile na réitigh ("na samhlacha") sin nach dóigh go dtiocfaidh aon táirge caighdeánaithe astu, coimeádtar na trí shamhail eile sa Mheasúnú Tionchair, i.e., an chóir rialála chéanna le bannaí ceannasacha an limistéir euro a thabhairt (1) do gach tráinse den eisiúint urrús de bhun bannaí ceannasacha, (2) don tráinse sinsearach den eisiúint urrús de bhun bannaí ceannasacha amháin, agus (3) don bhascaed. Cé nach rangaítear na réitigh fhéideartha sin sa Mheasúnú Tionchair, tarraingítear aird ann ar na príomh-chomhbhabhtálacha atá i gceist leo. Go háirithe, is fearr, de bharr tráinsiú, Samhlacha 1 agus 2 ná an ceann eile maidir leis an soláthar sócmhainní ísealriosca atá ainmnithe in euro a mhéadú. Tá Samhail 3 ar an tsamhail is simplí, áfach.

**Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo** 7 líne ar a mhéad

Is dóigh gurbh fhearr leis na bainc (agus le hinfheisteoirí eile) Samhail 1 toisc go laghdaítear a gcostais rialála léi. Ba i bhfabhar Shamhail 2 a bhí an Tascfhórsa Ardleibhéil um Urrúis de bhun Bannaí Ceannasacha, rud a bhí faoi stiúir ag an mBord Eorpach um Riosca Sistéamach agus a rinne staidéar ar indéantacht agus buanna na n-urrús sin. Chuir oifigigh bhainistíochta fiachais ábhair amhrais ghinearálta in iúl faoi choincheap na n-urrús de bhun bannaí ceannasacha, agus imní orthu go bhféadfadh na hurrúis sin áit na margaí fiachais náisiúnta a ghlacadh nó cur isteach orthu. I measc na dtrí Shamhail a coimeádadh, is dóigh gurbh fhearr leo Samhail 2 (nach bhfuil chomh héifeachtach leis na cinn eile maidir leis na hurrúis a chumasú) nó Samhail 3 (lena ndéantar an difear is lú don staid reatha).

## C. Tionchar na rogha tosaíochta

**Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?** 12 líne ar a mhéad

Is casta an rud é tionchar na réiteach tosaíochta a mheas i ndáil le bacainní rialála a laghdú toisc nach ann d'aon cheann de na hionstraimí lena mbaineann faoi láthair agus toisc go bhfuil an líon bacainní rialála sa staid reatha, i.e., gan aon idirghabháil a dhéanamh, ag brath ar a mhéid a shealbhófaí na táirgí lena mbaineann murach na bacainní rialála sin (fianaise ar thionchar coisctheach na n-ualaí rialála is ea an fhíric nach sealbhaítear na táirgí lena mbaineann faoi láthair). Tugtar roinnt figiúirí táscacha sa Mheasúnú Tionchair, áfach. Mar shampla, dá mba rud é, faoin gcreat rialála reatha, go ndéanfadh na bainc a bhí ar áireamh sa Chleachtadh Trédhearcachta a rinne an tÚdarás Baincéireachta Eorpach sa bhliain 2015 a sealúchais bhannaí ceannasacha a aistriú ina n-urrúis shinsearacha de bhun bannaí ceannasacha, b'fhiú thart ar EUR 70 billiún iad na ceanglais chaipitil bhreise a bheadh le hiompar acu. Ba nialasach a bheadh an figiúr sin faoi Shamhlacha 1 agus 2.

Bheadh tairbhí suntasacha ag baint leis na táirgí nua sin a chumasú. Mar shampla, d'fhéadfadh urrúis de bhun bannaí ceannasacha cabhrú leis na bainc, cuideachtaí árachais, cistí pinsean agus infheisteoirí eile a neamhchosaintí ceannasacha a éagsúlú ar bhealach níos fearr, rud a d'fhéadfadh an fáinne fí idir na bainc agus fiachas ceannasach a lagú tuilleadh. D'fhéadfadh siad an soláthar sócmhainní ísealriosca atá ainmnithe in euro a mhéadú freisin, rud a d'fhéadfadh infheisteoirí domhanda a mhealladh (agus, dá bhrí sin, tionchar indíreach a imirt ar rochtain mhéadaithe ar choigiltí domhanda a sholáthar, go háirithe do na Ballstáit bheaga) agus, rud ba ghinearálta fós, d'fhéadfadh siad cur leis an acmhainneacht atá ann do chomhroinnt riosca san earnáil phríobháideach, lena n-áirítear thar theorainneacha.

Déantar iarracht sa Mheasúnú Tionchair roinnt de na héifeachtaí sin a chainníochtú trí dhá chás a bhreithniú, is iad sin, cás amháin nach mbaineann na margaí nua ach méid theoranta (EUR 100 billiún) amach ann agus cás staide foisteanaí ina mbaineann siad méid atá ábhartha ó thaobh cúrsaí maicreacnamaíocha de (EUR 1500 billiún) amach. Léirítear san anailís gur féidir leis na réitigh thosaíochta, go háirithe iad sin a bhfuil tráinsiú i gceist leo, cabhrú leis an soláthar sócmhainní ísealriosca a mhéadú agus cláir chomhardaithe a éagsúlú tuilleadh.

Cé nach bhfuil ag aon cheann de na roghanna a breithníodh tionchar díreach ar an gcomhshaol, ar an timpeallacht shóisialta ná ar FBManna, d'fhéadfadh tionchar dearfach indíreach teacht chun cinn a mhéid a mhéadaítear cobhsaíocht airgeadais mar thoradh ar na margaí nua.

**Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?** 12 líne ar a mhéad

Meastar gur beag costas a bheidh ag baint leis an idirghabháil reachtach seo. I gcás na hearnála poiblí, seachas an costas aonuaire ar reachtaíocht nua a dhréachtú agus ar í a chur i bhfeidhm, ní thiocfadh ach costais bhreise bheaga chun cinn — ar costais iad atá deacair a chainníochtú go beacht — ós rud é go ndéanfaí maoirseacht ar chomhlíonadh na reachtaíochta sin le linn gnáthghníomhaíochtaí maoirseachta.

| |
|---|
| I gcás na n-eisitheoirí, mheas an Tascfhórsa Ardleibhéil go mbeadh na costais a thiocfadh as an táirge a eagrú (bannaí ceannasacha a cheannach, na bannaí a thrádstóráil, féinfhianú a eisiúint, etc.) cothrom le EUR 3.26 milliún in aghaidh na bliana do chlár urrús de bhun bannaí ceannasacha ar fiú EUR 6 billiún é (mar aon le costais tosaigh aonuaire ar fiú thart ar EUR 1.15 milliún iad).<br><br>Chuir Oifigigh Bhainistíochta Fiachais ábhair imní in iúl go bhféadfadh urrúis de bhun bannaí ceannasacha costais mhaoiniúcháin a mhéadú do na Ballstáit toisc go bhféadfadh laghdú teacht ar leachtacht sna bunmhargaí bannaí dá mbarr. Bunaithe ar an eispéireas le Clár Ceannaithe Sócmhainní na hEarnála Poiblí de chuid an Bhainc Cheannais Eorpaigh, tugtar le fios i measúnú cainníochtúil a rinne an Tascfhórsa Ardleibhéil – ar measúnú é a achoimrítear in Iarscríbhinn 4 a ghabhann leis an Measúnú Tionchair – gur dóigh gur beag aon éifeacht den sórt sin a thiocfadh chun cinn, nó nach dóigh go dtiocfadh aon éifeacht den sórt sin chun cinn ar chor ar bith, toisc, i measc nithe eile, go bhfritháireofaí í mar thoradh ar an laghdú ar an riosca foriomlán agus ar an méadú ar an éileamh ar bhannaí, lena n-áirítear i measc infheisteoirí domhanda.<br><br>Ní mheastar go mbeidh aon chostais ann don chomhshaol, an timpeallacht shóisialta nó FBManna. |
| **Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair?** 8 líne ar a mhéad |
| Ní dhéanfar aon difear díreach dóibh. |
| **An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?** 4 líne ar a mhéad |
| Ní imreoidh na réitigh thosaíochta aon tionchar den sórt sin. |
| **An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?** 6 líne ar a mhéad |
| Ní bheidh |
| **D. Iarobair** |
| **Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** 4 líne ar a mhéad |
| Is gá sonraí dóthanacha a bheith ar fáil sula bhféadtar an tionscnamh a athbhreithniú. Beartaítear faireachán a dhéanamh ar a mhéid a bhíonn na táirgí nua á gcur le chéile agus á dtrádáil, agus measúnú a dhéanamh ar thionchar foriomlán an togra tar éis 5 bliana ó theacht i bhfeidhm na reachtaíochta. |